**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2023/0232(COD)**

13.11.2023

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)
(COM(2023)416 – C9-0234/2023 – 2023/0232(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Maria Noichl

PA_Legam

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) Tá caomhnú na talún talmhaíochta agus shláinte na hithreach ríthábhachtach do thodhchaí na bhfeirmeoirí óga, a bhfuil an rochtain atá acu ar thalamh i mbaol de bharr na treochta díghrádaithe ithreach atá ann faoi láthair. Trí eolas ar ithreacha a mhéadú agus trí fheabhas a chur ar shláinte na hithreach, is féidir inbhuanaitheacht na chéad ghlúine eile d'fheirmeoirí na hEorpa a áirithiú agus ag an am céanna cur leis an gcomhrac i gcoinne bhánú na gceantar tuaithe. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le gníomhaíocht dhaingean chun ár n-ithreacha a leigheas ról suntasach a imirt i bhfabhar an chomhionannais inscne, toisc go léiríonn sonraí go mbíonn mná ag streachailt ar an túslíne chun an limistéar mór talún talmhaíochta atá buailte cheana féin ag díghrádú ithreach a tharrtháil agus go roghnaíonn líon méadaitheach feirmeoirí ar mná iad cur chuige inbhuanaithe ina gcleachtais talmhaíochta.*** |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Is gá bearta a leagan síos chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach, ithreacha a bhainistiú go hinbhuanaithe agus dul i ngleic le láithreáin éillithe chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050, chun iad a choinneáil i riocht sláintiúil agus chun cuspóirí an Aontais maidir leis an aeráid agus an bhithéagsúlacht a chomhlíonadh, chun triomaigh agus tubaistí nádúrtha a chosc agus chun freagairt dóibh, chun sláinte an duine a chosaint agus chun an tslándáil bia agus an tsábháilteacht bia a áirithiú. | (18) Is ***riachtanach*** bearta ***nithiúla agus comhchuibhithe*** a leagan síos chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach ***ar fud an Aontais***, ithreacha a bhainistiú go hinbhuanaithe agus dul i ngleic le láithreáin éillithe chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050, chun iad a choinneáil i riocht sláintiúil agus chun cuspóirí an Aontais maidir leis an aeráid agus an bhithéagsúlacht a chomhlíonadh, chun triomaigh agus tubaistí nádúrtha a chosc agus chun freagairt dóibh, chun sláinte an duine a chosaint agus chun an tslándáil bia agus an tsábháilteacht bia a áirithiú. |

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19 a) Is cuid riachtanach den bhithéagsúlacht fhoriomlán í an bhithéagsúlacht ithreach. Tá ról bunúsach aige maidir le feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais a chothabháil. Tá pobail ithreach ríthábhachtach chun bia cothaitheach agus uisce glan a sholáthar, chun uisce agus an aeráid a rialáil agus chun tacú le timthriall carbóin agus cothaitheach.*** |

Or. en

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19 b) Tá ábhar orgánach ithreach ríthábhachtach chun seirbhísí agus feidhmeanna éiceachórais ithreach a sholáthar, trí dhíghrádú, creimeadh agus balcadh ithreach a laghdú, agus ag an am céanna chun acmhainneacht mhaolánaithe, coinneála uisce agus malartaithe caitian na hithreach agus an charbóin orgánaigh san ithir a mhéadú, rud a d'fhéadfadh táirgeacht barr a mhéadú i ndeireadh na dála. Ina theannta sin, bíonn tionchar dearfach ag ábhar orgánach ithreach ar bhithéagsúlacht ithreach agus d'fhéadfadh sé an carbón a cheaptar in ithreacha a mhéadú, rud a rannchuidíonn le maolú ar an athrú aeráide.*** |

Or. en

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Is é is cuspóir fadtéarmach don Treoir ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Mar chéim idirmheánach, i bhfianaise an eolais theoranta atá ann maidir le riocht ithreacha agus maidir le héifeachtacht agus costais na mbeart chun sláinte ithreach a athghiniúint, is cur chuige céimnithe a ghlactar sa treoir. Sa chéad chéim, díreofar ar chreat faireacháin ithreach a chur a bhunú ***agus measúnú a dhéanamh ar*** staid na n-ithreacha ar fud an Aontais. Áirítear inti freisin ceanglais maidir le bearta a leagan síos chun ithreacha a bhainistiú go hinbhuanaithe agus ithreacha míshláintiúla a athghiniúint a luaithe a shuitear a riocht, ach gan oibleagáid a fhorchur maidir le hithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 ná spriocanna idirmheánacha. Leis an gcur | (23) Is é is cuspóir fadtéarmach don Treoir ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 ***trí sprioc ceangailteach de 100% d'ithreacha sláintiúla san Aontas a shocrú faoin tráth sin***. Mar chéim idirmheánach, i bhfianaise an eolais theoranta atá ann maidir le riocht ithreacha agus maidir le héifeachtacht agus costais na mbeart chun sláinte ithreach a athghiniúint, is cur chuige céimnithe a ghlactar sa treoir ***trí spriocanna idirmheánacha ceangailteacha a shocrú chun an dul chun cinn a áirithiú***. Sa chéad chéim, díreofar ar an gcreat faireacháin ithreach a chur ar bun ***chun measúnú a cheadú ar*** staid na n-ithreacha ar fud an Aontais. Áirítear inti freisin ceanglais maidir le bearta a leagan síos chun ithreacha a bhainistiú go |

chuige comhréireach sin, beifear in ann bainistiú inbhuanaithe ithreach agus athghiniúint na n-ithreacha míshláintiúla a ullmhú go maith, a dhreasú agus a chur i mbun oibre. Sa dara céim, a luaithe a bheidh torthaí an chéad mheasúnaithe ar ithreacha agus an anailís ar threochtaí le fáil, déanfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo chuspóir 2050 agus an taithí ina leith sin a bhreithniú, agus molfaidh sé athbhreithniú ar an treoir más gá chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo 2050.

hinbhuanaithe agus ithreacha míshláintiúla a athghiniúint a luaithe a shuitear a riocht, ach gan oibleagáid a fhorchur maidir le hithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 ná spriocanna idirmheánacha. Leis an gcur chuige comhréireach sin, beifear in ann bainistiú inbhuanaithe ithreach agus athghiniúint na n-ithreacha míshláintiúla a ullmhú go maith, a dhreasú agus a chur i mbun oibre. Sa dara céim, a luaithe a bheidh torthaí an chéad mheasúnaithe ar ithreacha agus an anailís ar threochtaí le fáil, déanfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo chuspóir 2050 agus an taithí ina leith sin a bhreithniú, agus molfaidh sé athbhreithniú ar an treoir más gá chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo 2050.

Or. en

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna a chuirtear ar ithreacha agus na bearta iomchuí a shainaithint chun sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a athghiniúint, éilítear go gcuirfí san áireamh éagsúlacht na gcineálacha ithreach, na dálaí sonracha áitiúla agus aeráide agus an úsáid talún nó an cumhdach talún. Dá bhrí sin, is iomchuí go mbunódh na Ballstáit ceantair ithreach. Maidir le ceantair ithreach, is éard ba cheart a bheith iontu na bunaonaid rialachais chun ithreacha a bhainistiú agus bearta a dhéanamh chun na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach. Ba cheart líon, méid geografach agus teorainneacha na gceantar ithreach le haghaidh gach Ballstáit a chinneadh chun cur chun feidhme Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] a éascú. Ba | (24) Chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna a chuirtear ar ithreacha agus na bearta iomchuí a shainaithint chun sláinte ithreach a choinneáil ar bun nó a athghiniúint, éilítear go gcuirfí éagsúlacht na gcineálacha ithreach, na dálaí sonracha áitiúla agus aeráide agus an úsáid talún nó an cumhdach talún san áireamh. Dá bhrí sin, is iomchuí go mbunóidh na Ballstáit ceantair ithreach ***lena léireofar go hiomchuí dálaí peidichlíomacha agus éagsúlacht ithreach laistigh dá gcríoch***. Maidir le ceantair ithreach, is éard ba cheart a bheith iontu na bunaonaid rialachais chun ithreacha a bhainistiú agus bearta a dhéanamh chun na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar shláinte ithreach. Ba cheart líon, méid geografach agus teorainneacha na gceantar ithreach le haghaidh gach Ballstáit a chinneadh chun |

cheart íoslíon ceantar ithreach a bheith i ngach Ballstát agus méid an Bhallstáit á chur san áireamh. Comhfhreagróidh an t-íoslíon ceantar ithreach i gcás gach Ballstáit don líon aonad críochach NUTS ***1*** arna mbunú i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49].

---

[48] +Oifig na bhFoilseachán cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir leis an deimhniúchán le haghaidh aistrithe carbóin atá i ndoiciméad COM(2022) 672 final agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

[49] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

cur chun feidhme Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] a éascú. Ba cheart íoslíon ceantar ithreach a bheith i ngach Ballstát agus méid an Bhallstáit á chur san áireamh. Comhfhreagróidh an t-íoslíon ceantar ithreach i gcás gach Ballstáit don líon aonad críochach NUTS ***2*** arna mbunú i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49].

---

[48] +Oifig na bhFoilseachán cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin maidir leis an deimhniúchán le haghaidh aistriú dé-ocsaíde carbóin atá i ndoiciméad COM(2022) 672 final agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

[49] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

Or. en

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun an úsáid is forleithne is féidir a bhaint as sonraí maidir le sláinte ithreach arna nginiúint ag an bhfaireachán a dhéantar faoin Treoir seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rochtain ar na sonraí sin a éascú le haghaidh páirtithe leasmhara ábhartha, amhail feirmeoirí, foraoiseoirí, úinéirí talún agus údaráis áitiúla. | (36) Chun an úsáid is forleithne is féidir a bhaint as sonraí maidir le sláinte ithreach arna nginiúint ag an bhfaireachán a dhéantar faoin Treoir seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rochtain ar na sonraí sin a éascú le haghaidh geallsealbhóirí ábhartha, amhail feirmeoirí, foraoiseoirí, úinéirí talún***, an lucht acadúil, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtais a chuireann cosaint shláinte an duine nó an chomhshaoil nó córas bia agrai-éiceolaíoch chun cinn*** |

agus údaráis áitiúla.

Or. en

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun sláinte ithreach a chothú nó a bhreisiú, is gá bainistiú oiriúnach a dhéanamh ar ithreacha. Leis an mbainistiú inbhuanaithe ithreach, cumasófar soláthar fadtéarmach seirbhísí ithreach, lena n-áirítear cáilíocht aeir agus uisce fheabhsaithe agus slándáil bia. Is iomchuí dá bhrí sin prionsabail um bainistiú inbhuanaithe ithreach a leagan síos chun cleachtais um bainistiú ithreach a threorú. | (37) Chun sláinte ithreach a chothú nó a bhreisiú, is gá bainistiú oiriúnach a dhéanamh ar ithreacha. Leis an mbainistiú inbhuanaithe ithreach, cumasófar soláthar fadtéarmach seirbhísí ithreach, lena n-áirítear cáilíocht aeir agus uisce fheabhsaithe agus slándáil bia***, chomh maith le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú ina leith***. Is iomchuí dá bhrí sin prionsabail um bainistiú inbhuanaithe ithreach a leagan síos chun cleachtais um bainistiú ithreach a threorú. |

Or. en

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) De bhun Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT ar an mbealach a bhfuil sé ceaptha go rannchuideoidh ailtireacht chomhshaoil agus aeráide na bPleananna sin le gnóthú spriocanna náisiúnta fadtéarmacha arna leagan amach sna gníomhartha reachtacha, nó ag eascairt astu, a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus a bhfuil sé ceaptha go mbeidh sí comhsheasmhach leis na spriocanna sin. | (39) De bhun Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT ar an mbealach a bhfuil sé ceaptha go rannchuideoidh ailtireacht chomhshaoil agus aeráide na bPleananna sin le gnóthú spriocanna náisiúnta fadtéarmacha arna leagan amach sna gníomhartha reachtacha, nó ag eascairt astu, a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus a bhfuil sé ceaptha go mbeidh sí comhsheasmhach leis na spriocanna sin. ***Ba cheart an Treoir seo a chur leis an liosta sin de ghníomhartha reachtacha i*** |

***gcomhréir le hAirteagal 159 de Rialachán (AE) 2021/2115.***

[52] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

[52] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

Or. en

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus, i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo, 6 bliana tar éis di a theacht i bhfeidhm ar bhonn torthaí na meastóireachta ar shláinte ithreach. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht go háirithe ar an ngá le ceanglais níos sonraí a leagan amach chun a áirithiú go ndéanfar athghiniúint ar ithreacha míshláintiúla agus go mbainfear amach an cuspóir chun ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht freisin ar an ngá chun sainiú ithreacha sláintiúla a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí fhorálacha a chur leis maidir le tuairisceoirí nó critéir áirithe bunaithe ar fhianaise eolaíoch nua a bhaineann le cosaint ithreacha nó ar fhorais | (53) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus, i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo, 6 bliana tar éis di a theacht i bhfeidhm ar bhonn thorthaí na meastóireachta ar shláinte ithreach. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht go háirithe ar an ngá le ceanglais níos sonraí a leagan amach chun a áirithiú go ndéanfar athghiniúint ar ithreacha míshláintiúla agus go mbainfear amach an cuspóir chun ithreacha sláintiúla ***agus na spriocanna idirmheánacha*** a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht freisin ar an ngá atá leis an sainiú ar ithreacha sláintiúla a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí fhorálacha a chur leis maidir le tuairisceoirí nó critéir áirithe bunaithe ar fhianaise |

| | |
|---|---|
| fadhb atá sonrach do Bhallstát ag eascairt as cúinsí nua comhshaoil nó aeráide. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na critéir maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. | eolaíoch nua a bhaineann le cosaint ithreacha nó ar fhorais faidhbe atá sonrach do Bhallstát ag eascairt as cúinsí nua comhshaoil nó aeráide. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na critéir maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach don Aontas agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. |

Or. en

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é is cuspóir don Treoir seo creat faireacháin láidir agus comhleanúnach a chur i bhfeidhm le haghaidh na n-ithreacha uile ar fud an Aontais agus chun sláinte ithreach a fheabhsú go leanúnach san Aontas d'fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 agus ithreacha sláintiúla a choinneáil i riocht sláintiúil, ionas gur féidir leo éicisheirbhísí líonmhara a sholáthar ar scála atá leordhóthanach chun riachtanais chomhshaoil, shochaíocha agus eacnamaíocha a chomhlíonadh, tionchair an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a chosc agus a mhaolú, an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha agus le haghaidh slándáil bia a mhéadú agus go laghdófar éilliú ithreach go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine agus don chomhshaol. | 1. Is é is cuspóir don Treoir seo creat faireacháin ithreach atá láidir agus comhleanúnach a chur i bhfeidhm le haghaidh na n-ithreacha uile ar fud an Aontais agus chun sláinte ithreach a fheabhsú go leanúnach san Aontas d'fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 ***trí spriocanna ceangailteacha a leagan amach*** agus ithreacha sláintiúla a choinneáil i riocht sláintiúil, ionas gur féidir leo seirbhísí éiceachórais líonmhara a sholáthar ar scála atá leordhóthanach chun riachtanais chomhshaoil, shochaíocha agus eacnamaíocha a chomhlíonadh, tionchair an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta a chosc agus a mhaolú, an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha agus le haghaidh slándáil bia a mhéadú agus go laghdófar éilliú ithreach go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine ná don chomhshaol, ***arna sainiú le fianaise eolaíoch***. |

Or. en

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an Treoir ***seo***, leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas: | 2. ***Chun an sprioc de 100 % ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050, leagtar síos*** leis an Treoir seo bearta maidir leis an méid seo a leanas: |

Or. en

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faireachán agus measúnú ar shláinte ithreach; | (a) faireachán agus measúnú ar shláinte ithreach ***leis an oibleagáid dhlíthiúil ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 agus spriocanna idirmheánacha a bhaint amach faoi 2035, 2040 agus 2045***; |

Or. en

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bainistiú ithreach inbhuanaithe; | (b) bainistiú ***inbhuanaithe ithreach lena n-áirítear spriocanna le haghaidh saincheisteanna tosaíochta amhail bithéagsúlacht ithreach a athchóiriú agus glantógáil nialasach talún a bhaint amach***; |

Or. en

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 1a*** |
| | ***Spriocanna*** |
| | ***Chun an cuspóir maidir le hithreacha sláintiúla a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a bhaint amach, leagtar síos leis an Treoir seo sprioc cheangailteach de 100 % d'ithreacha sláintiúla ar fud an Aontais faoi 2050.*** |
| | ***2. Leagtar síos freisin sa Treoir seo na spriocanna idirmheánacha seo a leanas maidir le sláinte ithreach:*** |
| | ***(a) sprioc cheangailteach chun 55 % d'ithreacha sláintiúla a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2035;*** |
| | ***(b) sprioc cheangailteach chun 70 % d'ithreacha sláintiúla a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2040;*** |
| | ***(c) sprioc cheangailteach chun 85 % d'ithreacha sláintiúla a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2045;*** |
| | ***3. Déanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit na bearta is gá ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, faoi seach, chun gur féidir cuspóir na n-ithreacha sláintiúla a leagtar amach i mír 1 agus na spriocanna maidir le sláinte ithreach a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann.*** |

Or. en

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'éicisheirbhísí' a mhéid a chuireann éiceachórais go hindíreach le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus eile a bhaineann daoine as na | (3) ciallaíonn 'seirbhísí éiceachórais' a mhéid a chuireann éiceachórais ***go díreach agus*** go hindíreach le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus eile |

| | |
|---|---|
| héiceachórais sin; | a bhaineann daoine as na héiceachórais sin; |

Or. en

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) ciallaíonn 'feidhmeanna ithreach' na róil atá ag an ithir a thacaíonn le héiceachórais, leis an mbithsféar, leis an timpeallacht uisce agus le gníomhaíochtaí an duine;*** |

Or. en

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'bainistiú ithreach inbhuanaithe' cleachtais um bainistiú ithreach a chothaíonn nó a bhreisíonn na héicisheirbhísí a sholáthraíonn an ithir gan bac a chur ar na feidhmeanna lena gcumasaítear na seirbhísí sin, nó gan bheith díobhálach d'airíonna eile an chomhshaoil; | (5) ciallaíonn 'bainistiú inbhuanaithe ithreach' cleachtais um bainistiú ithreach ***agus talún*** a chothaíonn nó a bhreisíonn ***an bhithéagsúlacht agus*** na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn an ithir gan bac a chur ar na feidhmeanna lena gcumasaítear na seirbhísí sin, nó gan ***dochar suntasach a dhéanamh ná*** a bheith díobhálach d'airíonna eile an chomhshaoil; |

Or. en

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) ciallaíonn 'feabhsúchán ithreach' gníomhaíocht athghiniúna a laghdaíonn, a aonraíonn nó a dhíchumasaíonn tiúchan | (26) ciallaíonn 'feabhsúchán ithreach' gníomhaíocht athghiniúna a laghdaíonn, a aonraíonn nó a dhíchumasaíonn tiúchain éilleán san ithir ***faoi bhun tairseach*** |

éilleán san ithir.

***thocsaineachta ar féidir contúirt mhór a bheith ann ina leith d'orgánaigh a bhíonn i dteagmháil leis an ithir sin***.

Or. en

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Comhfhreagróidh an líon ceantar ithreach i gcás gach Ballstáit don líon aonad críochach NUTS ***1*** arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ar a laghad. | Comhfhreagróidh an líon ceantar ithreach i gcás gach Ballstáit don líon aonad críochach NUTS ***2*** arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ar a laghad. |

Or. en

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh ceantair ithreach na mBallstát comharsanachta ina bhfuil luachanna comhchosúla le haghaidh na bparaiméadar dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) go (d), i gcás inarb iomchuí, le chéile chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun a áirithiú go nglacfar cur chuige comhleanúnach thar theorainneacha.*** |

Or. en

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Déanfaidh na Ballstáit plean éigeantach maidir le sláinte ithreach a tharraingt suas a bheidh ag brath ar agus fite fuaite, a mhéid is féidir, leis na sineirgí atá ann cheana leis na pleananna náisiúnta athchóirithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ina n-áiritheofar comhsheasmhacht ar fud na gcuspóirí athchóirithe ithreach agus bithéagsúlachta in éiceachórais talmhaíochta.*** |

Or. en

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh liosta éigeantach agus mionsonraithe de thuairisceoirí bithéagsúlachta ithreach iolracha in Iarscríbhinn I, bunaithe ar na torthaí eolaíocha is déanaí.*** |

Or. en

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn II a leasú chun na modheolaíochtaí tagartha a luaitear inti a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, go háirithe i gcás inar féidir luachanna na dtáscairí ithreach a chinneadh | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn II a leasú chun na modheolaíochtaí tagartha a luaitear inti a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, go háirithe i gcás inar féidir luachanna na dtuairisceoirí ithreach a |

| | |
|---|---|
| tríd an gcianbhraiteacht dá dtagraítear in Airteagal 6(5). | chinneadh tríd an gcianbhraiteacht dá dtagraítear in Airteagal 6(5) ***chun tacú le cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach***. |

Or. en

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an tsláinte ithreach ina gceantair ithreach uile bunaithe ar na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an fhaireacháin dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus 8 le haghaidh gach ceann de na tuairisceoirí ithreach dá dtagraítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I. | Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an tsláinte ithreach ina gceantair ithreach uile bunaithe ar na sonraí a bhailítear i gcomhthéacs an fhaireacháin dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus 8 le haghaidh gach ceann de na tuairisceoirí ithreach dá dtagraítear i gCodanna A**,** agus B ***agus C*** d'Iarscríbhinn I. ***Don chéad mheasúnú ar an tsláinte ithreach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, áireoidh na Ballstáit ceann amháin ar a laghad den dá thuairisceoir bithéagsúlachta ithreach a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn I ann.*** |

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhlíonann na luachanna le haghaidh gach tuairisceora ithreach a liostaítear i gcuid B d'Iarscríbhinn I na critéir i gcomhréir le hAirteagal 7 ('ithir shláintiúil'). | (b) comhlíonann na luachanna le haghaidh gach tuairisceora ithreach a liostaítear i gcuid B ***agus cuid C*** d'Iarscríbhinn I na critéir i gcomhréir le hAirteagal 7 ('ithir shláintiúil'). |

Or. en

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá ithir mhíshláintiúil i gcás nach gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na critéir dá dtagraítear i bhfomhír 1 ('ithir mhíshláintiúil'). | Tá ithir mhíshláintiúil i gcás ***nach gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas dá dtagraítear i bhfomhír 1 ('ithir mhíshláintiúil'):*** |
| | ***(a)*** ní chomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na critéir dá dtagraítear i bhfomhír 1 ***nó*** |
| | ***(b) léirítear in anailís ar na luachanna le haghaidh na dtuairisceoirí ithreach a liostaítear i gcuid C d'Iarscríbhinn I go bhfuil caillteanas criticiúil seirbhísí éiceachórais ann, agus na sonraí ábhartha agus an t-eolas eolaíoch atá ar fáil á gcur san áireamh nó*** |
| | ***(c) léirítear in anailís ar luachanna na dtáscairí tógála talún agus séalaithe ithreach a liostaítear i gcuid D d'Iarscríbhinn I go bhfuil tionchair chriticiúla acu ar chaillteanas seirbhísí éiceachórais agus ar chuspóirí agus spriocanna arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2018/841***. |
| | ***Saineoidh na Ballstáit, maidir le gach ceantar ithreach, cad is caillteanas criticiúil seirbhísí éiceachórais ann agus cad is tionchar criticiúil ar chaillteanas seirbhísí éiceachórais ann de réir fhomhíreanna 3 (b) agus (c).*** |

Or. en

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh na Ballstáit anailís ar na luachanna le haghaidh na dtuairisceoirí*** | ***scriosta*** |

***ithreach a liostaítear i gcuid C d'Iarscríbhinn I agus déanfaidh siad measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil caillteanas criticiúil éicisheirbhísí ann, agus na sonraí ábhartha agus an t-eolas eolaíoch atá ar fáil á dtabhairt san áireamh.***

Or. en

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***4*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach), glacfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas ar a laghad, agus cineál, úsáid agus riocht na hithreach á gcur san áireamh: | Ón (Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***5*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach), glacfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas ar a laghad, agus cineál, úsáid agus riocht na hithreach á gcur san áireamh: |

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) beidh sé éigeantach úsáid a bhaint as Dea-Riochtaí Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAECanna) dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le cleachtais um bainistiú inbhuanaithe ithreach (GAECanna 5, 6 & 7), maidir leis an athrú aeráide (GAECanna 1, 2 & 3), maidir le huisce (GAEC 4) agus maidir leis an mbithéagsúlacht (GAECanna 8 & 9) le haghaidh sainiú cleachtas um bainistiú inbhuanaithe ithreach ag gach Ballstát i gcomhréir leis an mír seo;*** |

Or. en

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Leagfar amach an tráthchlár chun na cleachtais a shainítear faoi mhír (a) a chur chun feidhme, agus chun deireadh a chur leis na cleachtais a shainítear faoi mhír (b), i bpleananna bainistithe na gceantar ithreach i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII. Cleachtais náisiúnta inbhuanaithe maidir le bainistiú ithreach arna mbunú i gcomhréir le ceanglais na míre seo, ní rachaidh siad ar gcúl ó thaobh uaillmhéine de.*** |

Or. en

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit gur próiseas oscailte, ionchuimsitheach agus éifeachtach a bheidh i bpróiseas forbartha na gcleachtas dá dtagraítear sa chéad ***fhomhír*** agus go mbeidh an pobal lena mbaineann, go ***háirithe*** úinéirí talún agus bainisteoirí, rannpháirteach ann agus go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha dóibh a bheith rannpháirteach san fhorbairt sin. | Áiritheoidh na Ballstáit gur próiseas oscailte, ionchuimsitheach agus éifeachtach a bheidh i ***bpróiseas forbartha, athbhreithnithe agus leasaithe*** na gcleachtas dá dtagraítear ***sna chéad fhomhíreanna*** agus go mbeidh an pobal lena mbaineann, ***go háirithe amhail*** úinéirí talún agus bainisteoirí***, an lucht acadúil, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtais a chuireann cosaint shláinte an duine, córas bia agrai-éiceolaíoch nó an chomhshaoil chun cinn***, rannpháirteach ann agus go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha dóibh a bheith rannpháirteach san fhorbairt sin. ***Foilseoidh na Ballstáit an dréachtliosta de na cleachtais agus bearta bainistithe ithreach agus cuirfidh siad ar fáil don phobal é trí mhodhanna iomchuí.*** |

Or. en

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú tráthrialta ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh siad measúnú agus athbhreithniú ar na bearta sin, agus an faireachán agus an measúnú ar shláinte ithreach dá dtagraítear in Airteagail 6 go 9 á gcur san áireamh. | 3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú tráthrialta ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh siad measúnú agus athbhreithniú ar na bearta sin, agus an faireachán agus an measúnú ar shláinte ithreach dá dtagraítear in Airteagail 6 go 9 á gcur san áireamh. ***Cuirfear an measúnú ar fáil don phobal.*** |

Or. en

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an limistéar a bhfuil tionchar ag an tógáil talún air a laghdú ***a mhéid is féidir*** agus | (i) an limistéar a bhfuil tionchar ag an tógáil talún air a laghdú agus |

Or. en

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúiteamh a dhéanamh ***a mhéid agus is féidir*** ar chaillteanas acmhainn na hithreach chun éicisheirbhísí líonmhara a sholáthar. | (b) cúiteamh a dhéanamh ar chaillteanas acmhainneacht na hithreach chun seirbhísí éiceachórais líonmhara a sholáthar. |

Or. en

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Laghdóidh na Ballstáit tógáil talún chun an sprioc maidir le 'glantógáil nialasach talún' a bhaint amach faoi 2050.*** |

Or. en

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, bainfidh na Ballstáit úsáid as acmhainní airgeadais ó fhoinsí iomchuí, lena n-áirítear cistí an Aontais, chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú a bhfuil béim acu ar chosaint ithreach, ar bhainistiú inbhuanaithe ithreach agus ar athghiniúint ithreach.*** |

Or. en

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar acmhainneacht na mBallstát cistí an Aontais a bhaineann le cosaint ithreach, bainistiú inbhuanaithe ithreach agus athghiniúint ithreach a ionsú. Cuirfidh an Coimisiún oiliúint agus tacaíocht theicniúil ar fáil chun acmhainneacht ionsúcháin na mBallstát a mhéadú.*** |

Or. en

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) achoimre ar an dul chun cinn maidir leis na nithe seo a leanas: | (c) achoimre ***chuimsitheach*** ar an dul chun cinn maidir leis na nithe seo a leanas: |

Or. en

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 18 den Treoir seo ar fáil agus inrochtana don phobal i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE, Treoir 2007/2/CE agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83]. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 18 den Treoir seo ar fáil ***go héasca*** agus inrochtana ***saor in aisce*** don phobal i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE, Treoir 2007/2/CE agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83]. |
| [83] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56). | [83] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56). |

Or. en

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 8, 10, 15 agus 16 a thabhairt don Choimisiún go ceann | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 8, 10, 15 agus 16 ***maidir le hIarscríbhinn I a leasú*** a |

| | |
|---|---|
| tréimhse neamhchinntithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo. | thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo. |

Or. en

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 8, 10, 15 agus 16 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 8, 10, 15 agus 16 ***agus maidir le hIarscríbhinn I a leasú*** a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

Or. en

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8, 10, 15 agus 16 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8, 10, 15 agus 16 ***agus maidir le hIarscríbhinn I a leasú*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún |

| | |
|---|---|
| agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle. | nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle. |

Or. en

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 23 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an daonra nó an comhshaol dá ndéanann an sárú difear, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir atá ann chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach. | (c) an daonra nó an comhshaol dá ndéanann an sárú difear, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir atá ann chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach ***agus an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir'***. |

Or. en

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – Cuid B – an dara sraith**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | |
|---|---|---|
| Éilliú ithreach | - tiúchan trom-mhiotal san ithir: As, Sb, Cd, Co, Cr (iomlán), Cr (VI), Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn (µg in aghaidh an kg) | Dearbhú réasúnta a fuarthas ón tsampláil ar phointí ithreach, láithreáin éillithe a shainaithint agus imscrúdú a dhéanamh orthu agus aon fhaisnéis ábhartha eile, nach ann d'aon riosca do-ghlactha ann do shláinte an duine agus don chomhshaol ón éilliú ithreach. |
| | - tiúchan rogha d'éilleáin ***orgánacha*** arna bunú ag na Ballstáit agus na teorainneacha tiúchana atá ann cheana á gcur san áireamh e.g. na teorainneacha maidir le cáilíocht uisce agus | Gnáthóga a bhfuil tiúchan ard trom-mhiotal iontu go nádúrtha san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE[3] ón gComhairle, fanfaidh siad faoi chosaint. |

| | | |
|---|---|---|
| | astaíochtaí aeir i reachtaíocht an Aontais | |
| | | ________________<br>[3] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7). |

*Leasú*

| | | |
|---|---|---|
| Éilliú ithreach | - tiúchan trom-mhiotal san ithir: As, Sb, Cd, Co, Cr (iomlán), Cr (VI), Cu, Hg, Pb, Ni, Tl, V, Zn (µg in aghaidh an kg) | Dearbhú réasúnta a fuarthas ón tsampláil ar phointí ithreach, ó láithreáin éillithe a shainaithint agus imscrúdú a dhéanamh orthu agus ó aon fhaisnéis ábhartha eile, nach ann d'aon riosca do-ghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol ón éilliú ithreach. |
| | - tiúchan rogha d'éilleáin arna bunú ag na Ballstáit agus na teorainneacha tiúchana atá ann cheana á gcur san áireamh e.g. na teorainneacha maidir le cáilíocht uisce agus astaíochtaí aeir i reachtaíocht an Aontais | Gnáthóga a bhfuil tiúchan ard trom-mhiotal iontu go nádúrtha atá san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE[3] ón gComhairle, fanfaidh siad faoi chosaint. |
| | | ________________<br>[3] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7). |

Or. en

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I — cuid C — Teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuid C: tuairisceoirí ithreach ***gan*** chritéir

*Leasú*

Cuid C: tuairisceoirí ithreach ***lena ngabhann*** critéir ***maidir le riocht sláintiúil ithreach arna mbunú ar leibhéal na mBallstát***

Or. en

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I — cuid C — an ceathrú sraith**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | |
|---|---|
| Caillteanas bhithéagsúlacht na hithreach | ***Riospráid foistine ithreach ((mm$^3$ O$_2$ g$^{-1}$ hr$^{-1}$) in ithir thirim*** <br> ***Féadfaidh*** na Ballstáit tuairisceoirí roghnacha ithreach eile a roghnú freisin don bhithéagsúlacht, amhail: <br> - meitea-bharrachódú baictéar, fungas, prótaisteach agus ainmhithe; <br> - flúirse agus éagsúlacht néimeatóidí; <br> - bithmhais mhiocróbach <br> - flúirse agus éagsúlacht péisteanna talún (ar thalamh curaíochta); <br> - speicis choimhthíocha ionracha agus lotnaidí plandaí |

*Leasú*

| | |
|---|---|
| Caillteanas na bithéagsúlachta ithreach | ***I measc na dtuairisceoirí ithreach sin, ba cheart do na Ballstáit ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas a roghnú:*** <br> ***Próifíliú fiseolaíoch ar leibhéal an phobail (CLPP) chun anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht mheitibileach miocrorgánach i bpobal miocróbach measctha. Is minic a léiríonn athruithe ar dhaonraí miocróbacha athruithe atá ag teacht chun cinn ar shláinte fhoriomlán an chomhshaoil.*** <br> ***Meitea-bharrachódú (eDNA) chun an bhithéagsúlacht a thréithriú, tairseacha éagsúlachta a bhunú agus faireachán a dhéanamh ar athruithe pobail.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Déanfaidh*** na Ballstáit tuairisceoirí roghnacha ithreach eile a roghnú freisin don bhithéagsúlacht, amhail:<br>- meitea-bharrachódú baictéar, fungas, prótaisteach agus ainmhithe;<br>- flúirse agus éagsúlacht néimeatóidí;<br>- bithmhais mhiocróbach;<br>- flúirse agus éagsúlacht péisteanna talún (ar thalamh curaíochta);<br>- speicis choimhthíocha ionracha agus lotnaidí plandaí |

Or. en